Cásanna Covid-19 i suíomhanna ELC/SAC

Tá dhá fhoinse chun teacht ar fhaisnéis maidir le cásanna Covid-19 i suíomhanna ELC/SAC, an Chigireacht Luathbhlianta TUSLA agus na Rannóga Sláinte Poiblí de chuid an HSE. Leagadh amach thíos achoimre ar na sonraí is déanaí ó na foinsí seo, chomh maith le nasc chuig na tuairiscí olltástála de chuid an HSE.

Fógraí TUSLA

De réir na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016, tá ar sholáthraithe cláraithe de sheirbhísí luathbhlianta fógra a sheoladh chuig TUSLA laistigh de trí lá oibre tar éis iad eachtra infhógartha a thabhairt faoi deara, lena n-áirítear cásanna de ghalar tógálach e.g. Covid-19.

Idir 1 Eanáir agus 7 Lúnasa 2021, fuair TUSLA **755** fógra ar eachtraí Covid-19 i **573** seirbhís. Bhí an chuid is mó i gCo. Bhaile Átha Cliath (**n=377).** Bhí **50** i gContae Chorcaí agus **42** i nDún na nGall.

Tuairiscí Olltástála de chuid an HSE

Foilsíonn an HSE tuairisc faoin olltástáil i seirbhísí ELC/SAC agus scoileanna gach seachtain. Tá na sonraí seo a leanas sa tuairisc: líon na saoráidí ina raibh olltástáil; líon na daoine (daoine fásta agus leanaí) sna saoráidí sin a cuireadh ar aghaidh i gcomhair tástála; agus díobh siúd an líon inar braitheadh Covid-19.

Tá sonraí thíos don bhliain go dáta, agus don tseachtain is déanaí.

Seirbhísi ELC/SAC	Líon Saoráidí	Líon tástáilte	Líon Braite	Braite %	Líon neamh-bhraite
Iomlán – 4 Eanáir 2021 – 7 Lúnasa 2021	779	22,772	1,233	5.41%	21,508
Seachtain dar críoch 7 Lúnasa 2021	29	229	6	2.7%	223

Is féidir teacht ar Thuairisc iomlán Olltástála de chuid an HSE anseo (ár leithscéal nach bhfuil leagan Gaeilge ar fáil):

https://www.hse.ie/eng/services/news/newsfeatures/covid19-updates/covid-19-schools-mass-testing-report.html